> “Prionsabal an chuimsithe sóisialta a neadú **i ngach polasaí, cleachtas agus seachadadh seirbhíse**, in aithint na hilíochta, comhionannais agus ceart cuimsitheachta an uile dhuine”

Cuimsiú Sóisialta

Aidhmeanna agus Straitéisí Tacaíochta

8.1

OLLCHUSPÓIR

Prionsabal an chuimsithe sóisialta a neadú i ngach polasaí, cleachtas agus seachadadh seirbhíse, in aithint na hilíochta, comhionannais agus ceart cuimsitheachta an uile dhuine

Straitéisí Tacaíochta:

CS1: A dheimhniú go bhfuil seirbhísí agus áiseanna uile na Comhairle cuimsitheach agus inrochtain ag cách, nuair is féidir sin.

CS2: Athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí uile na Comhairle d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an tionchar is dóichí a bheidh ag polasaithe agus ag cláir ar bhochtaineacht agus ar neamhionannais.

CS3: Feasacht riachtanais na ndaoine atá eisiata go sóisialta a mhéadú

CS4: Tacaíocht a thabhairt do chuspóirí na Straitéise Náisiúnta um Bhochtaineacht trí Straitéis Áitiúil Fhrithbhochtaineachta a fhorbairt

> “Feabhas a chur ar chaighdeán na beatha ag pobal Luimnigh trí **thacaíocht a thabhairt do sholáthar tionscnamh agus áiseanna sóisialta, pobail, cultúrtha agus áineasa** ar mhaithe le pobal sláintiúil beosach a chinntiú.”

Caighdeán na Beatha

Aidhmeanna agus Straitéisí Tacaíochta



8.2

OLLCHUSPÓIR

Feabhas a chur ar chaighdeán na beatha ag pobal Luimnigh trí thacaíocht a thabhairt do sholáthar tionscnamh agus áiseanna sóisialta, pobail, cultúrtha agus áineasa ar mhaithe le pobal sláintiúil beosach a chinntiú.

Straitéisí Tacaíochta:

A. Seirbhís Leabharlainne

CB1: A bheith mar phointe fócais don saol sóisialta, pobail, agus cultúrtha sa Chontae trí fhorleathadh a dhéanamh ar an taitneamh a bhaineann le léitheoireacht, oideachas saoil agus fionnachtana go dtí úsáid dearfach cruthaitheach ar am fóillíochta a chur chun cinn

CB2: Tacaíocht agus comhoibriú a thabhairt do na córais fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta oideachais.

B. Seirbhís Ealaíon

CB3: Leanúint de fheidhmiú seirbhíse cuimsitheach ealaíon, go háirithe sna réimsí lárnacha de chlárúchán, tograí speisialta, comhairle agus eolais, deontais agus sparánachta.

C. Sláinte, Stíleanna Beatha agus Pobail Ghníomhacha

CB4: Daoine a spreagadh le glacadh le stíleanna sláintiúla beatha agus lena bheith páirteach i réimse níos leithne de imeachtaí fóillíochta.

CB5: Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí deonacha a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do phobail d'fhonn a lánpháirtíocht i saol eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha an Chontae a chumasú.

CB6: Cur chun cinn agus áisiúlacht a dhéanamh, i bpáirt le gníomhaireachtaí pobail agus eile, ar fhorbairt áiseanna pobail agus áineasa sa chontae.

CB7: Tacaíocht a thabhairt don Straitéis Náisiúnta um Leanaí(2000), i gcomhairle le leanaí, i soláthar áiseanna riachtanacha.

"A dheimhniú go bhfuil **leorchóiríocht a oireann** dá riachtanas ag muintir uile Chontae Luimnigh."

Tithíocht

Aidhmeanna agus Straitéisí Tacaíochta

ST 8.3

OLLCHUSPÓIR:

A dheimhniú go bhfuil leorchóiríocht a oireann dá riachtanas ag muintir uile Chontae Luimnigh.

Straitéisí Tacaíochta:

ST1: Chomh fada agus is féidir sin, déanfar cóiríocht a sheachadadh ar mhodh comhordaithe ag teacht le riachtanais, ceantair roghnacha agus atá inbhuanaithe agus cuimsitheach go sóisialta.

ST2: Deimhin a dhéanamh de go lorgaítear na hacmhainní riachtanacha do sholáthar, cothabháil, bainistiú agus pleanáil na roghanna maidir le cóiríocht sóisialta agus inacmhainn.

ST3: Deimhin a dhéanamh de go gcuirfear chun cinn na caighdeáin is airde i ndearadh, tógáil agus inbhuaine i soláthar forbairtí tithíochta ardchaighdeán.

ST4: Forálacha na Straitéise Tithíochta, an Plean Gníomhaíochta Tithíochta, Clár Cóiríochta an Lucht Siúil, Straitéis um Dhaoine gan Dídean agus polasaithe éagsúla maidir le prionsabail an chomhionannais agus an chuimsithe sóisialta a fheidhmiú, a ullmhú agus a athbhreithniú.

ST5: Nuair is féidir sin soláthar a dhéanamh ar, agus tacaíocht a thabhairt do sholáthar, cóiríochta le freastal ar dhaoine le riachtanais ar leith mar dhaoine faoi mhíchumas, seanóirí, an Lucht Siúil agus daoine gan dídean.

ST6: Tacaíocht a thabhairt agus áisiúlacht agus cur chun cinn a dhéanamh, ar ról na hearnála deonaí i soláthar cóiríochta sóisialta.

“**Gréasán éifeachtach iompair a** sholáthar **agus a chothabháil** laistigh den Chontae, ag cuimsiú prionsabail na forbartha inbhuaine, cuimsiú sóisialta agus cleachtais oibre cairdiúla don chomhshaol.”

Iompar

Aidhmeanna agus Straitéisí Tacaíochta

8.4

OLLCHUSPÓIR

Gréasán éifeachtach iompair a sholáthar agus a chothabháil laistigh den Chontae, ag cuimsiú prionsabail na forbartha inbhuaine, cuimsiú sóisialta agus cleachtais oibre cairdiúla don chomhshaol.

Straitéisí Tacaíochta:

RD1: An CLár Ilbhliantúil Atógála Bóithre ar Bhóithre Neamhnáisiúnta a fheidhmiú ar bhealach slán éifeachtach.

RD2: An Gréasán Bóithre a chothabháil ar an gcaighdeán is airde is féidir.

RD3: Dearadh agus tógáil a dhéanamh i bpáirt leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir, ar na nuabhóithre uile ar bhealach a dhéanann soláthar do úsáideoirí uile na mbóithre.

RD4: Feasacht ar shlándáil ar na bóithre a chur chun cinn i bpáirt le háisíneachtaí eile stáit agus feidhm a thabhairt do bheartais eile slándála mar a oirfidh.

RD5: Mar is cuí, leanúint de fheidhmiúchán an Chórais um Bainistíocht Tráchta sna bailte, sna sráidbhailte agus sna bruachbhailte cathracha.

RD6: Áisiúlacht agus cúnamh a dhéanamh do Ranna agus áisíneachtaí eile Rialtais i bhfeidhmiúchán an Phlean Náisiúnta Forbartha, trí fhorbairt a dhéanamh ar an ngréasán de bhóithre.

RD7: Spreagadh a dhéanamh ar úsáid iompair phoiblí agus inbhuanaithe agus soláthar a dhéanamh dá leithéid nuair is féidir sin.

RD8: Seirbhís ardchaighdeán, éifeachtach, cairdiúil Mótarchánach a sholáthar.

> “Deimhin a dhéanamh de leorsholáthar uisce agus áiseanna diúscairte bréanuisce ar bhealach **a dhéanann cosaint ar an gcomhshaol agus ar shláinte phoiblí** agus a chuireann bonn faoi fhorbairt inbhuanaithe an Chontae.”

Seirbhísí Uisce

Aidhmeanna agus Straitéisí Tacaíochta

8.5

OLLCHUSPÓIR

Deimhin a dhéanamh de leorsholáthar uisce agus áiseanna diúscairte bréanuisce ar bhealach a dhéanann cosaint ar an gcomhshaol agus ar shláinte phoiblí agus a chuireann bonn faoi fhorbairt inbhuanaithe an Chontae.

Straitéisí Tacaíochta:

SU1: A dheimhniú, chomh fada agus is féidir sin, go mbeidh rochtain ag gach teaghlach ar uisce inólta a ndearnadh monatóireacht air ag teacht le forálacha na Rialacháin um Uisce Inólta.

SU2: Feabhas a chur ar acmhainn an infrastruchtúir do bhréanuisce ar fud an Chontae ag teacht le forálacha na Creat-threorach Uisce.

SU3: Forbairt a dhéanamh ar sholáthar Infrastruchtúir um sheirbhísí uisce ag teacht leis an ngá atá le caomhnú uisce, inbhuaine agus le freastal ar éileamh sa Chontae amach anseo.

SU4: Feidhm a thabhairt do Reachtaíocht Náisiúnta agus AE, an Chreat-threoir Uisce san áireamh.

SU5: Tionscnaimh a fhorbairt do bhailte beaga agus sráidbhailte d'fhonn soláthar ar infrastruchtúr do Sheirbhísí Uisce sna háiteanna sin a bhrostú.

SU6: An Scéim Uisce Tuaithe a chur chun cinn trí sholáthar agus feabhsú a dhéanamh ar an infrastruchtúr do sheirbhísí uisce ag grúpscéimeanna príobháideacha.

> “Dearcadh dearfach a ghlacadh maidir le forbairt chothrom eacnamaíochta trí **cheartphleanáil agus forbairt inbhuanaithe** an Chontae.”

Pleanáil & Forbairt Eacnamaíochta

Aidhmeanna agus Straitéisí Tacaíochta



8.6

OLLCHUSPÓIR

Dearcadh dearfach a ghlacadh maidir le forbairt chothrom eacnamaíochta trí cheartphleanáil agus forbairt inbhuanaithe an Chontae.

Straitéisí Tacaíochta:

PF1: Leanúint de chur chun cinn ar fhorbairt an Chontae trí athbhreithniú, ullmhú agus feidhmiúchán an Phlean Forbartha Contae, Pleananna Ceantair Áitiúla, Straitéis an Bhord Forbartha Contae agus Treoir um phleanáil straitéiseach Náisiúnta / Réigiúnach / Contae.

PF2: Seirbhís rialaithe inrochtain trédhearcach a fhorbairt trí phróiseáil ar iarratais phleanála agus fiosruithe faoi fhorbairt a dhéanamh ar bhealach éifeachtach.

PF3: A thuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcóras forfheidhmiúcháin agus monatóireachta ar fhorbairt neamhúdaraithe agus cothabháila phróisis oiriúnacha forfheidhmiúcháin.

PF4: Leanúint de dheiseanna a thapú maidir le forbairt fhisiciúil, eacnamaíochta, sóisialta agus pobail trí shocruithe páirtnéireachta poiblí/príobháideach agus tríd an scéim um Síntiús Forbartha.

PF5: Leanúint de fheabhsú infrastruchtúir i mbruachbhailte cathracha Luimnigh agus i mbailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe d'fhonn áisiúlacht a dhéanamh ar fhorbairt eacnamaíoch, cónaithe agus tionsclaíoch.

PF6: Leanúint, i gcomhairle le pobail agus gnólachtaí áitiúla, ag tabhairt tacaíochta do thionscnaimh a neartaíonn agus a chomhdhlúthaíonn na bailte agus na sráidbhailte sa Chontae.

PF7: Feabhas a chur ar chumarsáid leis an bpobal agus áisiú a dhéanamh ar rochtain ar na seirbhísí uile pleanála d'fhonn rannpháirtíocht réadúil an phobail sa phróiseas pleanála a spreagadh.

“Cosaint, caomhnú agus feabhsú a dhéanamh ar **chomhshaol nádúrtha agus tógtha** Chontae Luimnigh.”

Comhshaol

Aidhmeanna agus Straitéisí Tacaíochta

8.7

OLLCHUSPÓIR

Cosaint, caomhnú agus feabhsú a dhéanamh ar chomhshaol nádúrtha agus tógtha Chontae Luimnigh.

Straitéisí Tacaíochta:

CS1: Cur chun cinn, forbairt agus feidhmiúchán reachtaíochta Náisiúnta agus AE agus polasaí maidir le cosaint an chomhshaoil nádúrtha agus tógtha, acmhainní nádúrtha agus gnáthóga.

CS2: A bheith gníomhach i mbun polasaithe áitiúla a spreagann laghdú, aisghabháil, athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola trí fheidhmiúchán an Phlean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola agus an Phlean Bainistíochta Bruscair.

CS3: Feasacht an phobail ar stíleanna cairdiúla beatha agus cleachtais trí fheachtais oideachais agus meáin.

CS4: A dheimhniú gurb ann do sheirbhís éifeachtach práinne chun beatha, sealúchas agus an comhshaol a chosaint trí sholáthar ar chomhrac dóiteáin, chosc ar dhóiteán agus sheirbhísí cosanta sibhialta.

CS5: Leanúint den tseirbhís tréidliachta, rialaithe agus leasa ainmhithe a fheabhsú agus a bhuanú.

CS6: Seirbhís cosanta sásúil a sholáthar do thomhaltóirí i bpáirt le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.